**DON SCRÚDAITHEOIR**

| **SCRÚDUIMHIR** ☞ | | **Iomlán na Marcanna** | |
|---|---|---|---|

# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001
## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)

**(200 marc)**

**AN AOINE, 8 MEITHEAMH - MAIDIN 10.15 go dtí 11.45**

| STAMPA AN IONAID |
|---|
| |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bunleathanaigh. | |
| 2. Iomlán carnach ceisteanna a dícheadaíodh | |
| 3. An t-ollmharc a bronnadh (i.e. 1. lúide 2. thuas) | |
| **Nóta**: Is den riachtanas é go bhfreagródh **an t-ollmharc** ag 3. thuas don **Móriomlán** sa ghreille ar dheis. | |


| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN | |
| CT | |
| | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |

## ROINN I – LÉAMHTHUISCINT **(100 marc)**


Freagair **gach** ceist.


**CEIST 1.** Scríobh an abairt cheart sa spás faoi gach pictiúr. **(20 marc)**

(a) Carrchlós ar oscailt - Spásanna ar fáil.
(b) Oscail an fhuinneog - Tá an seomra ranga an-te!
(c) Leabhair scoile ar díol anseo.
(d) Tá cosc ar rothaíocht i gclós na scoile.
(e) Aire! Fir ag obair.
(f) Cluiche cispheile ar siúl sa scoil.












**CEIST 2**. Léigh an **fógra** thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. **(40 marc)**

**Club na nÓg**
**Cill Chainnigh**

**Turas Lae go Baile Átha Cliath**

Dé Sathairn, 19 Bealtaine, 2001

| | |
|---|---|
| 9.00 a.m. | Traein go Stáisiún Heuston. |
| 10.00 a.m. | Turas Bus timpeall Baile Átha Cliath. |
| 11.00 a.m. | Cuairt ar an Dáil. |
| 12.30 p.m. | Lón i mBialann Bewleys. |
| 1.30 p.m. | Turas go dtí an Músaem i bPáirc an Chrócaigh. |
| 3.15 p.m. | Cluiche iománaíochta i bPáirc Pharnell: Port Láirge v Cill Chainnigh. |
| 5.00 p.m. | Siopadóireacht. |
| 6.00 p.m. | Sceallóga agus burgair i McDonalds. |
| 7.15 p.m. | Scannán san Omniplex. |
| 9.45 p.m. | Traein abhaile go Cill Chainnigh. |

Ticéid - £20 - le fáil ón Rúnaí roimh 12 Bealtaine.

**Ceisteanna**:

**1.** Cá bhfuil Club na nÓg?

| | |
|---|---|
| I bPort Láirge | |
| I gCill Chainnigh | |
| I mBaile Átha Cliath | |

**2.** Cá raibh an lón acu?

| | |
|---|---|
| I McDonalds | |
| I Stáisiún Heuston | |
| I mBialann Bewleys | |

**3.** Cad a bhí ar siúl acu ag 5.00 p.m.?

| | |
|---|---|
| Ag imirt cluiche | |
| Ag ithe | |
| Ag siopadóireacht | |

**4.** Conas a chuaigh siad abhaile?

| | |
|---|---|
| Ar an mbus | |
| Ar an traein | |
| I gcarr | |

**5.** Cé mhéad a bhí ar thicéad?

| | |
|---|---|
| £20 | |
| £12 | |
| £19 | |

**6.** Luaigh **dhá** rud a rinne siad **tar éis** lóin.

______________________________________________

______________________________________________

**CEIST 3**. Freagair (a) **agus** (b). **(40 marc)**

Léigh an dá **alt nuachta** seo agus freagair na ceisteanna atá fúthu.

**(a)**

# Tomás Lee - Dornálaí !

Rugadh Tomás Lee in Uachtar Ard, Contae na Gaillimhe. Tá Tomás ocht mbliana déag anois. Thosaigh sé ag dornálaíocht nuair a bhí sé cúig bliana d'aois agus bhí sé ag troid i gcomórtas nuair a bhí sé aon bhliain déag d'aois. Bhuaigh Tomás Craobh na hÉireann ceithre huaire agus bhí sé ag troid ar fhoireann na hÉireann in aghaidh Shasana. Caitheann sé dhá uair ag traenáil gach lá. Is breá leis a bheith ag imirt peile agus ag iascaireacht ach is é an dornálaíocht an caitheamh aimsire is fearr leis.



**1.** Cén áit ar rugadh Tomás Lee? ______________________________________________

**2.** Cé mhéad ama a chaitheann Tomás ag traenáil gach lá?

| | |
|---|---|
| Dhá uair | |
| Ceithre huaire | |
| Cúig uaire | |

**3.** Cén caitheamh aimsire is fearr leis?

| | |
|---|---|
| Iascaireacht | |
| Dornálaíocht | |
| Peil | |

**(b)**

# Maith Thú Sonia !




Níor bhuaigh Sonia O'Sullivan bonn óir ag na Cluichí Oilimpeacha in Sydney, ach bhuaigh sí bonn airgid. Bhí áthas ar mhuintir na hÉireann sa bhaile agus ar fud an domhain nuair a tháinig sí sa dara háit sa rás 5000 méadar. Bhí díomá uirthi in Atlanta, cúig bliana ó shin mar ní raibh rás maith aici agus níor bhuaigh sí bonn ar bith. Is cailín cróga gan eagla í Sonia agus thosaigh sí ag traenáil arís agus ag ullmhú do na Cluichí Oilimpeacha in Sydney. Bhí fáilte mhór roimpi i mBaile Átha Cliath nuair a tháinig sí abhaile.

**1.** Ar bhuaigh Sonia bonn óir in Sydney? ______________________________

**2.** Cad a bhí ar Sonia in Atlanta?

| | |
|---|---|
| Áthas | |
| Díomá | |
| Eagla | |

**3.** Cén áit a raibh fáilte mhór roimpi?


| | |
|---|---|
| Sydney | |
| Atlanta | |
| Baile Átha Cliath | |

| ROINN II - SCRÍOBH NA TEANGA | (100 marc) |
|---|---|

**CEIST 4.** Freagair (a) **nó** (b). **(30 marc)**

(a) Féach ar an bpictiúr atá thíos.

**LAETHANTA SAOIRE I gCILL MHANTÁIN**





Tá tusa agus do mhuintir ar laethanta saoire san áit seo. Scríobh **cárta poist** chuig do chara ag insint dó/di faoin áit.

**NÓ**

(b) Féach ar an bpictiúr atá thíos.

**LAETHANTA SAOIRE I gCILL MHANTÁIN**




**Tá tusa anseo**

Bhí tusa agus do mhuintir ar saoire san áit seo an samhradh seo caite. Seo pictiúr de na rudaí a bhí ar siúl agaibh lá amháin. Ba mhaith leat **cuntas** (6 abairt) faoin lá sin a scríobh i do **dhialann**.

Scríobh an **cuntas** (6 abairt) trí na ceisteanna seo a fhreagairt.

1. Cén chaoi a raibh an aimsir?

2. Cad a bhí ar siúl ag do Dhaid?

3. Cad a bhí ar siúl ag do Mhamaí?

4. Cad a bhí ar siúl ag do sheanmháthair?

5. Cad a bhí ar siúl agat féin?

6. Cén t-ainmhí a bhí in éineacht libh?

**CEIST 5.** Freagair (a) **nó** (b). **(30 marc)**

(a) Léigh an cuireadh seo.

## CUIREADH

A Mháire,

Beidh ceolchoirm le B*Witched ar siúl sa Point Dé Sathairn seo chugainn. Tá dhá thicéad agam. Ar mhaith leat teacht liom? Beidh an cheolchoirm ag tosú ag 9.00 p.m. Tar go dtí mo theach ag a 8.00 agus rachaimid isteach ar an mbus.

Do chara,
Leslie.

Scríobh **an freagra** ar an gcuireadh sa spás thíos.

**N.B.** Is tusa Máire.


**FREAGRA**

A Leslie, a chara,


Slán go fóill,
Máire

**NÓ**


(b)




1. Teilifís



2. Cairde



3. Nóta



4. Sa phictiúrlann

Tá tusa agus do dheartháir Tomás sna pictiúir thuas. Beidh do Mhamaí ar ais ag a 7.00 p.m.
Fág **Nóta** do do Mhamaí. (Bríd is ainm duit féin.)

Inis sa **Nóta** :-

- Cad a bhí ar siúl agaibh sa seomra suí (Pictiúr 1);
- Cad a tharla (Pictiúr 2);
- Cá bhfuil sibh imithe (Pictiúr 4).

**NÓTA**

A Mham,

Beimid ar ais go luath,
Bríd.

**CEIST 6.** Freagair (a) **nó** (b). **(40 marc)**

(a) Féach ar an bpictiúr thíos. Bhí tusa ag an **gCóisir bhreithlae** seo. Tá tú chun alt gearr a scríobh in "Iris na Scoile" faoi.

Scríobh an t-alt (timpeall 60 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

**CÓISIR BHREITHLAE AG SEÁN**



**NÓ**

(b) Ba mhaith leat post páirtaimseartha a fháil i rith an tsamhraidh i siopa nuachtán i do cheantar.

Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** thíos don phost sa siopa nuachtán.

[**Nóta**: Is tusa Alex de Barra]

## Siopa Nuachtán Uí Mhurchú

### Foirm Iarratais

Ainm: Alex de Barra

Seoladh: ____________________

____________________

Aois: ____________________

Breithlá: ____________________

Cén rang ina bhfuil tú ar scoil?
____________________

An bhfuil an Teastas Sóisearach déanta agat? ____________________

An bhfuil tú go maith ag an Mata? ____________________

Ainmnigh trí ábhar eile atá agat. ____________________

____________________

An raibh tú ag obair in aon siopa eile roimhe seo? ____________________

An mbeidh tú ag teacht go dtí an siopa ar an traein nó ar an mbus? ____________________

An bhfuil rothar agat? ____________________

An bhfuil tú sásta tosú ag obair go moch ar maidin? ____________________

____________________

An mbeidh tú ábalta obair ar an Satharn?

Cén t-am ba mhaith leat críochnú ar an Satharn? ____________________

An mbeidh tú sásta obair ar an Domhnach?

An bhfuil cead agat ó do thuismitheoirí a bheith ag obair i siopa nuachtán? ____________________

Síniú: *Alex de Barra*

Dáta: ____________________